# Galway Green Leaf Biodiversity Trail



## Gréasán Canálacha Chathair na Gaillimhe, Cé Nimmo & Inis Caorach (Bealach CORCRA)

**Cur síos:** Leanann an bealach seo an córas casta canálacha, siúiteanna agus buachomhlaí atá scaipthe mar a bheadh artairí ann ar fud na gcodanna is sine de Chathair na Gaillimhe.

Gaiscí innealtóireachta a bhí sna bealaí uisce sna 1800idí agus bhí siad ríthábhachtach chun go bhfeidhmeodh an chathair mar ba cheart, ag nascadh Loch






**Fad an bhealaigh** 5.9km

**Deacracht an bhealaigh** Éasca

**Eolas faoin mbealach** Ar chosáin phábháilte nó ar thalamh cothrom atá an bealach seo agus tá fáil go héasca air.

Please do not disturb wildlife

Don't pick flowers

Please keep dogs on lead

Family friendly

Rochtain: Carrchlós ar thaillte OÉG (53.277827, -9.060390), nó páirceáil sráide ar Bhóthar na hOllscoile (53.276511, -9.061513). Páirceáil Íoc agus Taispeáin de dhíth.

Seastáin ar fáil do rothair in OÉG. Eolas ar pháirceáil i gCathair na Gaillimhe **ANSEO**
Eolas ar bhusanna **ANSEO**

Téacs agus ábhar le John Lusby. Grianghraif uile: Michael O'Clery.



Eala bhalbh

Coirib le Cuan na Gaillimhe le hearraí a aistriú agus ag casadh 30 muileann a rinne freastal ar thionscail cosúil le grúdlanna agus muilte páipeir, adhmaid agus plúir, rud a lig do Ghaillimh bláthú agus fás gurb í an chathair atá inniu ann í.

Cé nach bhfuil an bhunaidhm chéanna ag na canálacha níos mó, is tearmann anois iad d'fhiadhúlra agus cruthaíonn siad gréasán casta pasáistí foscúla a chuireann dídean ar fáil agus a ligeann d'éagsúlacht fiadhúlra cónaí agus bogadh istigh i gcroílar na cathrach agus thart air, gan go dtabharfaí faoi deara go minic iad.

Tabharfaidh an bealach seo thú thar chuid de na gnéithe is íocónaí agus stairiúla de chuid Chathair na Gaillimhe, mar aon le dlúthradhairc ar an bhfiadhúlra a chónaíonn i gcroílár na cathrach.



Glasóg shráide

Tugann an bealach seo ón gcathair bheomhar thú amach go Cé Nimmo agus Inis Caorach ag gobadh isteach i gCuan na Gaillimhe, atá i bhfad níos ciúine, agus tugann sé orainn a bheith buíoch as suíomh na cathrach agus í neadaithe ar bhruacha Abhainn na Gaillimhe, díreach in aice leis an Atlantach.

Is féidir teacht ar an mbealach seo ó go leor áiteanna agus é a dhéanamh i gcodanna nó an rud iomlán a dhéanamh. Is iad pointí tosaithe agus críochnaithe an bhealaigh seo Canál na Maí in aice le OÉG, agus ansin leanann sé an gréasán canálacha tríd an gcathair go mbuaileann sé leis an bpríomhabhainn ag Droichead Wolfe Tone agus ansin téann sé isteach sa Chladach, amach ag bun Ché Nimmo, go hInis Caorach agus ansin ar ais arís an bealach céanna le filleadh ar Dhroichead Wolfe Tone don tsiúlóid abhann go dtí Droichead Uí Bhriain, thar Mhuilte an Droichid, le cor bealaigh gearr chuig Sráid an Mhuilinn agus ar ais i dtreo Bhaile Nua Mhic Gabhann agus Dhroichead Chora na mBradán go Canál na Maí tríd an bPáirc Iascaigh agus thar an droichead coisithe le filleadh ar an bpointe tosaithe agus críochnaithe ag OÉG.



Cearc uisce



Madra uisce



Gabha dubh

**Tús agus Críoch** Tosaigh agus críochnaigh ag Canáil Eglinton ag OÉG (53.27695, -9.05923), nó tosaigh ag pointe ar bith eile ar an mbealach seo. Is féidir an bealach seo a shiúl ina chodanna nó mar aon bhealach amháin de réir mar is mian leat.

**Cad le tabhairt leat** Buataisí, éadaí teo, éadaí báistí.

**Cad le súil a choinneáil amach dó** Cuireann an bealach seo deiseanna ar fáil chun réimse leathan fiadhúlra a fheiceáil i gcroílár na cathrach, lena n-áirítear dlúthradharc ar chuid de na cónaitheoirí is aitheanta i nGaillimh, lena n-áirítear na healaí ag neadú, mar aon le cuid den fhiadhúlra ar lú cur amach atá air, ach a rinne baile den chathair dóibh féin, lena n-áirítear na Madraí Uisce tarraingteacha. Tá éagsúlacht fhíorálainn fiadhúlra ann a chónaíonn sa chathair agus a bhogann thart inti, agus tá go leor acu chomh cleachtaithe sin le radhairc agus fuaimeanna na cathracha go mbíonn sé éasca léargas a fháil ar a saol, saol a bhíonn rúnda murach sin.


Gabhlán gainimh


Corr réisc

Cuireann líonra na canálach agus an iomaí scardán, cainéal agus muileann a bhaineann leis suíomhanna beathaithe agus neadaithe ar fáil do go leor éan lena n-áirítear an eala bhalbh agus is féidir leat iad a leanúint agus iad ag tabhairt aghaidh ar chora casta an tsaoil is iad ag déanamh iarrachta a n-éin eala a thógáil sa samhradh. Déanann an Cearc Uisce, an Ghlasóg Liath, an Ghlasóg Shráide agus an Gabha Dubh a neadacha i gcodanna éagsúla den chanáil agus is féidir an Cruidín a fheiceáil feadh Chanáil Eglinton gar do OÉG.


Cruidín

Déanann an Faoileán Scadán a nead ar bharr díonta óna bhfuil radharc ar an gcanáil agus bíonn a ghuth i gcónaí le cloisteáil sa samhradh, mar is dual dó, fad is a bhíonn imircigh cosúil leis an nGabhlán Gainimh agus an Fháinleog ag seilg feithidí ar bharr dhromchla na habhann agus na gcanálacha sa samhradh. Tá cuid de na suíomhanna iascaireachta is fearr leis an gCorr Réisc lonnaithe ar imeall an uisce agus is minic a fheictear í.

Is féidir leat suí agus féachaint uirthi ina seasamh go foighneach mar a bheadh dealbh ann ag fanacht go snámhfadh iasc neamhamhrasach isteach ina réimse ionsaithe. Bíonn roinnt speiceas sciathán leathair ag seilg feithidí thar agus thart ar líonra na canálach le crónú na hoíche san earrach agus sa samhradh, agus is maith iad na háiteanna suaimhneacha do shnáthaidí móra agus béchuileanna.


Geabhróg

Tá cónaí ag madraí uisce, a nglactar leo mar ainmhithe ar deacair teacht orthu, i gcroílár na cathrach agus bogann siad trí líonra na canálach gach oíche, faoi na bóithre, bialanna agus árasáin, agus cuid de na bruacha is fearr leo lena gcríocha a chur in iúl nó le hiasc nó eascann a tharraingt aníos orthu le híoc, amach os comhair daoine a bhíonn ag dul thar bráid.

De réir mar a ritheann an bealach isteach sa Chladach agus amach go Cé Nimmo, athraíonn an beathra éan go héin mhara lena n-áirítear an Lóma Mór, an tSíolta Rua, an Gheabhróg agus an Gheabhróg Scothdhubh a thumann go paiteanta chun a ngabháil éisc a bhaint amach agus d'fhéadfadh go bhfeicfeá Rón Glas, Deilf Bholgshrónach nó Madra Uisce leis.


Rón glas

I ndáiríre, is í an abhainn croí agus anam na cathrach ó thaobh fiadhúlra de, agus is í ceann de na cúiseanna ar tháinig an chathair chun cinn ar bhruacha Abhainn na Gaillimhe an tábhacht a bhain léi i gcás Bradán agus Eascann. Leis na glúnta, chonacthas imirce Bradán agus Eascann in uiscí Abhainn na Gaillimhe, agus léiríonn na chéad léarscáileanna de Chathair na Gaillimhe fiú daoine bailithe le chéile ar bhruacha na habhann agus tríreanna in úsáid acu leis na Bradáin a bhí ag dul tharstu a iascach. Anois, is féidir leat breathnú ar Rónta, Broighill agus Madraí Uisce ag déanamh a mbealaigh sa sruth agus iad ag seilg Bradán agus Eascann.

Ach siúl thar an Ardeaglais agus ar ais go OÉG, feictear arís an fiadhúlra a bhíonn ag lorg tearmainn sna codanna foscúla den chanáil agus is féidir a bheith ag súil le radharc amháin eile a fháil ar an gCruidín agus é ag imeacht feadh Chanáil Eglinton de sciotán.